Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)

9259/18

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2017/0123 (COD)**
**2017/0122 (COD)**
**2017/0121 (COD)**

**TRANS 220**
**SOC 301**
**EMPL 237**
**MI 379**
**COMPET 361**
**CODEC 832**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 8919/18 TRANS 198 SOC 246 EMPL 190 MI 342 COMPET 306 CODEC 767 + ADD 1-4 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9668/17 TRANS 212 CODEC 923<br>ST 9670/17 TRANS 214 SOC 440 CODEC 925<br>ST 9671/17 TRANS 215 SOC 441 EMPL 342 MI 456 COMPET 450 CODEC 926 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 chun go n-oiriúnófar iad d'fhorbairtí san earnáil<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 i dtaca le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla agus, íos-sosanna tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus Rialachán (AE) 165/2014 i dtaca le suíomh le tacagraif<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmiúcháin agus lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le hoibrithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

# I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún na trí thogra ar an 31 Bealtaine 2017 mar chuid den chéad sciar den phacáiste soghluaisteachta. Is iad seo a leanas príomh-chuir chuige na dtograí:

– *Rochtain ar an ngairm agus ar an margadh:* géarú agus comhchuibhiú ar na coinníollacha chun cuideachtaí a bhunú agus feabhas a chur ar an gcomhar i measc na mBallstát i coinne cuideachtaí na mboscaí litreacha, mar a thugtar orthu; ceadúnú éigeantach d'oibreoirí feithiclí tráchtála éadroma; na srianta cabatáiste agus sásraí ghaolmhara rialaithe a athbhreithniú agus a shimpliú; bogadh i dtreo doiciméid leictreonacha;

– *Tréimhsí tiomána agus scíthe agus tacagraf*: solúbthacht a mhéadú i ndáil le húsáid tréimhsí scíthe chun filleadh rialta abhaile na dtiománaithe a éascú; oibleagáid shoiléir ar na hoibreoirí cóiríocht leordhóthanach arna híoc ag na hoibreoirí a chur ar fáil lasmuigh de chábán an tiománaí; oibleagáid chun trasnuithe teorann a ionchódú sa tacagraf d'fhonn rialuithe a éascú;

– *Postú oibrithe iompair de bhóthar agus forfheidhmiú reachtaíochta sóisialta:* soiléiriú a thabhairt ar chur chun feidhme na bprionsabal a bhaineann le 'postú oibrithe' trí thréimhse a leagan síos nach mór don tiománaí a chaitheamh sa Bhallstát (trí lá in aghaidh na míosa nuair is iompar idirnáisiúnta atá i gceist) ionas go mbeidh feidhm ag an íosphá áitiúil agus ag na rialacha maidir le saoire bhliantúil; Seicliostaí mionsonraithe i gcomhair rialuithe sa Bhallstát óstach, bunaithe ar mhodh comhchuibhithe riosca-rátála agus lena gcumhdaítear freisin an Treoir maidir le hAm Oibre.

2. Cheap Coiste Iompair agus Turasóireachta Pharlaimint na hEorpa (TRAN) Ismail Ertug (S&D, DE) mar rapóirtéir don togra lena leasaítear Rialachán 1071/2009 agus Rialachán 1072/2009, Wim van de Camp (EPP, NL) mar rapóiréir don togra lena leasaítear Rialachán 561/2006 agus Rialachán 165/2014 agus Merja Kyllönen (EUL/NGL, FI) mar rapóirtéir don togra lena leasaítear Treoir 2006/22/CE agus lena leagtar síos rialacha sonracha i ndáil le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar. Tá sé beartaithe ag an gcoiste vótáil ar na tuarascálacha éagsúla faoi seach ar an 4 Meitheamh 2018. Thug an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) tuairimí uaidh maidir leis an gcéad togra ar an 30 Aibreán 2018 agus ar an dara togra ar an 26 Aibreán 2018 agus ar an tríú togra ar an 4 Bealtaine 2018.

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa dhá thuairim ar na trí thogra ar an 18 Eanáir 2018 agus ghlac Coiste Eorpach na Réigiún tuairim amháin ar na tograí sin ar an 1 Feabhra 2018.

## II. OBAIR SA CHOMHAIRLE

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh na tograí faoi Uachtaránachtaí roimhe seo idir 1 Meitheamh agus 6 Samhain 2017, agus mar thoradh air sin rinneadg tuarascáil ar dhul chun cinn[1] a thíolacadh don Chomhairle ar an 5 Nollaig 2017.

5. Chuir toscaireacht Ríocht na Danmhairge agus toscaireacht na Ríochta Aontaithe forchoimeádais ghrinnscrúdaithe pharlaiminteacha isteach. Baineadh forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte ag an bPolainn le déanaí. Tá forchoimeádais ghrinnscrúdaithe fós ag roinnt mhaith toscaireachtaí, go háirithe i ndáil le húsáid Chóras Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (IMI) le haghaidh comhar riaracháin agus i dtaca leis na cumhachtaí a bheartaítear don Choimisiún.

6. Le linn Uachtaránacht na Bulgáire, scrúdaigh an mheitheal na dréacht-chomhréitigh ón Uachtaránacht a bhaineann leis na tograí sin ar 16 ócáid idir an 16 Eanáir agus an 14 Bealtaine 2018. Tá sé tábhachtach a lua go n-aontaíonn na toscaireachtaí uile go bhfuil nasc chomh dlúth sin idir na trí thogra nach mbeidh aon chun cinn le déanamh mura ndéantar é ar na trí cinn ag an am céanna. Tá roinnt toscaireachtaí den bharúil go bhfuil idirnasc chomh tábhachtach céanna ann i gcás an togra le haghaidh na Treorach maidir le hiompar comhcheangailte[2].

7. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar shaincheisteanna teicniúla agus ar roinnt saincheisteanna polaitiúla. Go háirithe, i ndáil le Rialachán 1071/209 maidir le rochtain ar an ngairm, tugann comhréiteach na hUachtaránachta aghaidh ar na hábhair imní seo a leanas:

---

1 14841/17.

2 Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/106/CEE maidir le rialacha comhchoiteanna a bhunú do chineálacha áirithe iompair chomhcheangailte earraí idir na Ballstáit (14213/1/18 REV 1).

- Ionchorprú sa chóras ceadúnaithe na n-oibreoirí a úsáideann feithiclí éadroma tráchtála a theorannú d'oibreoirí a úsáideann feithiclí éadroma tráchtála os cionn 2.5 tonna in iompar idirnáisiúnta. In éineacht leis an oiriúnú sin ar an gceanglas ceadúnaithe, méadófar na ceanglais, i gcomparáid leis an togra, atá le comhlíonadh le haghaidh ceadúnas den sórt sin: ní mór d'oibreoirí feithiclí éadroma tráchtála na ceanglais chaighdeánacha ar fad a chomhlíonadh, agus cuirtear isteach foráil mharthanachta i dtaca le hinniúlacht ghairmiúil a chruthú;

- roinnt eilimintí, atá riachtanach chun bunaíocht éifeachtach chobhsaí i mBallstát a léiriú, a threisiú. Ina theannta sin, tá eilimintí comhréitigh roghnacha a d'fhéadfadh Ballstát a chur i bhfeidhm agus an nasc seo á mheas aige;

- an coincheap sa togra maidir le ceanglais dhifreáilte airgeadais ag brath ar chatagóir na bhfeithiclí a úsáidtear a choinneáil, ach solúbthacht a thabhairt i ndáil le ceanglais níos airde agus leis an mbealach a chruthófar comhlíonadh an cheanglais sin;

- maidir le cláir náisiúnta, an t-ualach oibre a laghdú, agus ag an am céanna an nós imeachta le haghaidh comhar riaracháin a mhionshonrú agus a chaighdeánú tuilleadh;

- oibleagáidí breise tuairiscithe na mBallstát a laghdú, ó thaobh rialaithe agus minicíochta de, agus dá bhrí sin tuarascáil chomhcheangailte maidir le Rialachán 1071/2009 agus Rialachán 1072/2009 a chur chuig an gCoimisiún.

8. I ndáil le Rialachán 1072/2009 maidir le rochtain ar an margadh, tugann <u>comhréiteach na hUachtaránachta</u> aghaidh ar na hábhair imní seo a leanas:

    - ceanglais cheadúnaithe d'iompar idirnáisiúnta earraí a ailíniú leis an gceanglas nua chun feithiclí éadroma tráchtála os cionn 2.5 tonna a oibriú; I gcás ina bhfuil ceanglas difreáilte airgeadais i bhfeidhm chun rochtain a fháil ar an ngairm, ní mór go sonrófar i gceadúnas Comhphobail na feithicle gur le haghaidh feithicil éadrom tráchtála an ceadúnas agus lena haghaidh sin amháin;

    - Treoir a thabhairt, trí aithris, maidir le luacháil pailéad agus coiméadán folamh i gcomhthéacs oibríochtaí cabatáiste ina dhiaidh sin;

- solúbthacht a chur isteach sna seiceálacha cois bóthair maidir le rialacha cabatáiste;
- Tuairisciú na mBallstát chuig an gCoimisiún a ailíniú lena dtuairisciú faoi Rialachán 1071/2009.

9. I ndáil le Rialachán 561/2009 maidir le hamanna scíthe tiománaithe tugann comhréiteach na hUachtaránachta aghaidh ar na hábhair imní seo a leanas:

- an díolúine d'fheithiclí a úsáidtear in iompar neamhthráchtála a theorannú d'uasmheáchan 12 thonna, nuair a mhol an Coimisiún an teorainn mheáchain a bhaint; an sainmhíniú nua ar 'iompar neamhthráchtála' a mhionsonrú tuilleadh;
- an tsolúbthacht atá ann cheanna chun cúiteamh i gcomhair scíth laghdaithe sheachtainiúil a cheangal le tréimhse scíthe naoi n-uair ar a laghad a choinneáil;
- an tsolúbthacht chun imeacht ó rialacha i ndáil le hamanna tiomána agus scíthe i gcúinsí eisceachtúla a mhéadú beagán, nuair is mian leis an tiománaí ionad oibríochtúil an fhostóra nó a áit chónaithe a bhaint amach;
- liosta na ndíolúintí roghnacha náisiúnta a mhodhnú chun limistéir iargúlta nach cuid den mhórthír iad a chur san áireamh, agus trí dhíolúintí d'fheithiclí lena ndéantar coincréit réamh-mheasctha a sheachadadh, i bhfianaise an ualaigh mheataigh agus raon teoranta oibríochta;
- buntáistí iomaíocha breise d'oibreoirí tríú tíortha ar chríoch an Aontais a sheachaint trí chur in iúl gur gá don Choimisiún an staid a mheas agus réitigh a mholadh ina dhiaidh sin.

10. I ndáil le Rialachán 165/2009 maidir le tacagraif, tugann comhréiteach na hUachtaránachta aghaidh ar na hábhair imní seo a leanas:

- raon feidhme dlí an Aontais a bhfuil na rialacha maidir le tacagraif in ainm a bheith ag tacú leis a nuashonrú trí fhaireachán níos fearr ar chomhlíonadh, agus forálacha cosanta sonraí ábhartha a nuashonrú;
- oibleagáid a chur ar an gCoimisiún sonraíochtaí a ghlacadh don dara leagan[3] de thacagraif chliste laistigh de 12 mhí tar éis teacht i bhfeidhm an ghníomh leasaithigh; oibleagáid a chur ar fheithiclí nua-chláraithe an leagan is déanaí a bheith acu ar bord;
- é a bheith d'oibleagáid tacagraif a úsáid lena soláthraítear comhéadan seachtrach i bhfeithiclí a chlárófar tar éis an dara leagan de thacagraif chliste a fhorbairt;
- athshéalú tacagraf a cheadú d'oifigigh rialaithe cáilithe údaraithe a bhris an séala chun críocha rialaithe;
- an oibleagáid a shonrú chun faisnéis maidir le trasnú teorainneacha a iontráil i dtacagraif nach féidir a leithéid a dhéanamh iontu go huathoibríoch; ar an mbealach sin tugtar an tsolúbthacht don tiománaí fanacht leis an chéad stop rialta eile d'fhonn an oibleagáid seo a chomhlíonadh;
- oibleagáidí ar thiománaithe a úsáideann tacagraif analógacha a uasghrádú i dtéarma trasnuithe teorainneacha a dhoiciméadú agus i dtéarmaí na tréimhse chun taifead a choinneáil ar bord.

[3] Tabharfar isteach an chéad leagan de thacagraif chliste in 2019, le nasc satailíte mar phríomhghné. Leis an dara leagan d'fhéadfaí clárú uathoibríoch trasnuithe teorainneacha a dhéanamh, gné nua a mhol an Coimisiún.

11. I ndáil le Treoir 2006/22/CE maidir le rialacha sóisialta a fhorfheidhmiú agus i ndáil le rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar, tugann an comhréiteach Uachtaránachta aghaidh ar na cúiseanna imní seo a leanas:

- an coincheap sa togra ón gCoimisiún a choinneáil chun comhlíonadh na Treorach maidir le coinníollacha oibre a chomhlíonadh a ionchorprú sa Treoir maidir le rialacha sóisialta a fhorfheidhmiú, agus ag an am céanna tuilleadh solúbthachta a thabhairt maidir leis an rialú sin a eagrú; soiléiriú breise a thabhairt maidir leis na rialacha sa Treoir a dhéanfar a sheiceáil cois bóthair;

- córas faisnéise an mhargaidh inmheánaigh (IMI) an Choimisiúin a úsáid le haghaidh comhar riaracháin;

- cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an liosta sáruithe gona ualuithe gaolmhara a nuashonrú, chomh maith leis na rialacháin maidir le trealamh caighdeánach d'aonaid forfheidhmithe agus na liostaí ina sonraítear ábhair na seiceálacha cois bóthair agus seiceálacha in áitreabh;

- buntáistí iomaíocha breise d'oibreoirí tríú tíortha ar chríoch an Aontais a sheachaint trína chur in iúl gur gá don Choimisiún an staid a mheas agus réitigh a mholadh ina dhiaidh sin.

12. I dtaca le cuid de na réitigh sin, choinnigh roinnt toscaireachtaí forchoimeádais nó tá eilimintí breise ag teastáil uathu.

13. Thug Coiste na mBuanionadaithe treoir le haghaidh obair bhreise ar an 2 Bealtaine 2018. Cé go n-aontaíonn na toscaireachtaí go ginearálta le cuspóirí na dtograí agus go bhfuil siad toilteanach bogadh chun cinn, tá difríochtaí fós eatarthu, dearbhaíodh sa phlé, maidir leis an mbealach is fearr chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ar an 25 Bealtaine 2018, d'ullmhaigh an Coiste an comhad don Chomhairle.

## III. <u>SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS LE RÉITEACH</u>

14. I bhfianaise an idirnaisc idir na comhaid, agus i bhfianaise an dul chun cinn suntasach a rinneadh ar shaincheisteanna teicniúla, is iad na saincheisteanna seo a leanas na cinn is íogaire chun bogadh i dtreo comhréiteach foriomlán le haghaidh seasamh táscach don Chomhairle:

– idirthréimhse don cheanglas nua ceadúnaithe le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma (Rialachán 1071/2009 agus Rialachán 1072/2009);

– rialacha maidir le cabatáiste (Rialachán 1072/2009);

– eagrú na dtréimhsí scíthe seachtainiúla agus cá háit a ndéanfar iad (Rialachán 561/2006);

– minicíocht an chirt 'filleadh abhaile' (Rialachán 561/2006);

– feithiclí atá ag gluaisteacht a iarfheistiú le tacagraif chliste (Rialachán 165/2014);

– rialacha speisialta maidir le hoibrithe a phostú, i dtéarmaí a raon feidhme, faid ama agus rialaithe (*lex specialis*).

**a) Idirthréimhse don cheanglas nua ceadúnaithe le haghaidh feithiclí tráchtála éadroma (Rialachán 1071/2009 agus Rialachán 1072/2009)**

15. Sa togra comhréitigh is déanaí uaithi, mhol an Uachtaránacht go dtabharfar isteach de réir a chéile, laistigh de dhá bhliain tar éis teacht i bhfeidhm an ghnímh leasaithigh, na ceanglais ceadúnaithe d'oibreoirí feithiclí tráchtála éadroma os coinn 2.5 tonna a úsáidtear sa mhargadh idirnáisiúnta iompair de bhóthar. Tacaíonn roinnt mhaith toscaireachtaí leis an togra sin, ach tá grúpa suntasach toscaireachtaí atá ag iarraidh idirthréimhse níos faide.

**b) Rialacha maidir le cabatáiste (Rialachán 1072/2009)**

16. D'fhonn an tsáinn a shárú atá ann mar gheall ar mheasúnuithe éagsúla ar thionchar rialacha simplithe cabatáiste, molann an Uachtaránacht sa togra comhréiteach is déanaí uaithi na rialacha reatha a choinneáil, arna bhforlíonadh le 'tréimhse mharana' dhá lá idir timthriallta ceadaithe oibríochtaí cabatáiste, d'fhonn uirlis i gcoinne mí-úsáide a sholáthar. Measann go leor toscaireachtaí gur bealach éalaithe í an chéim sin, agus is oth leo nach dtarlódh an simpliú inmhianaithe lena raibh siad ag súil dá bharr, ach dúirt siad go bhfeabhsóidh teicneolaíocht an rialaithe amach anseo. Tá grúpa suntasach toscaireachtaí a dhiúltaíonn go dtabharfaí isteach aon eilimint bhreise srianta sna rialacha cabatáiste atá ann cheana féin.

**c) Eagrú na dtréimhsí scíthe seachtainiúla agus cá háit a ndéanfar iad (Rialachán 561/2006)**

17. Sa togra comhréitigh is déanaí uaithi, molann an Uachtaránacht cur chuige an Choimisiúin a fhormhuiniú ina ndéanfar na sosanna seachtainiúla a eagrú laistigh de sceideal a mhaireann ceithre seachtaine (in áit dhá seachtaine faoi láthair), ach an togra a leasú sa chiall nach mór an cúiteamh le haghaidh scíth sheachtainiúil laghdaithe a ghlacadh roimh dheireadh na ceathrú seachtain i ndiaidh na seachtaine nuair a rinneadh scíth laghdaithe. Tá deighilt idir na toscaireachtaí faoin gcur chuige sin.

18. Tá deighilt idir na toscaireachtaí freisin faoi mholadh na hUachtaránachta maolú a cheadú ón toirmeasc ar an scíth sheachtainiúil rialta a chaitheamh i gcábán na feithicle, ar choinníoll go mbaintear úsáid as limistéir páirceála incháilithe atá slán agus compordach. Na toscaireachtaí a dhiúltaíonn do mhaolú den sórt sin, ní aontaíonn siad ach oiread le cumhacht a thabhairt don Choimisiún na critéir a shonrú a chaithfeadh limistéir páirceála amhlaidh a chomhlíonadh. Chuir roinnt toscaireachtaí a thacaíonn le coincheap an mhaolaithe in iúl nach bhfuil líon leordhóthanach criosanna tiomnaithe ina mbeadh tiománaithe in ann úsáid a bhaint as maolú den chineál sin. Sa togra comhréitigh mhol an Uachtaránacht téacs ina sonraítear gur cheart go gceadófaí do thiománaithe an scíth sheachtainiúil a dhéanamh i gcábán na trucaile go dtí go mbeadh líon leordhóthanach criosanna tiomnaithe ar fáil san Aontas.

**d) Minicíocht an chirt 'filleadh abhaile' (Rialachán 561/2006)**

19. Cé go n-aontaíonn na toscaireachtaí den chuid is mó leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht gur cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar an oibreoir ionad oibríochtúil nó áit chónaithe an tiománaithe a thairiscint dá chuid tiománaithe, tá seasaimh éagsúla acu fós maidir le sceideal rialta fillte den sórt sin. Mhol an Uachtaránacht minicíocht gach sé seachtaine, i gcomparáid leis an moladh sa togra ón gCoimisiún de thrí seachtaine. Iarrann líon suntasach toscaireachtaí tréimhse níos giorra. Mhol an Uachtaránacht freisin go soiléireofaí nach bhfuil éifeacht ag an oibleagáid sin ar cheart na dtiománaithe aon áit eile a roghnú dá scíth. Beartaítear sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht go ndéanfaidh na gnóthais an oibleagáid sin (Airt 8(8a)) a urramú, a dhéanfar a sheiceáil ag áitreabh an ghnóthais.

**e) Feithiclí atá ag gluaiseacht a iarfheistiú le tacagraif chliste (Rialachán 165/2014)**

20. Aontaíonn na toscaireachtaí i bprionsabal le hobair na hUachtaránachta ar iarfheistiú feithiclí le tacagraif chliste a chur chun cinn. Thíolaic an Coimisiún staidéar ar ghnéithe oibríochtúla iarfheistiú den sórt sin a dhéanamh. Tá barúlacha éagsúla fós ann, go príomha ar na heilimintí seo a leanas:

– cad iad na catagóirí tacagraf ar cheart a chur sa chéad bhabhta iarfheistithe (ceithre bliana tar éis ghlacadh na sonraíochtaí do leagan 2 den thacaghraf cliste);

– cá huair ar cheart don dara babhta a bheith críochnaithe (tá 7 mbliana tar éis na sonraíochtaí sin a bheith glactha á moladh ag an Uachtaránacht);

– ar cheart nó nár cheart a cheangal i gcás feithiclí a bhfuil an tacagraf cliste a thabharfar isteach in 2019 á úsáid acu cheana iarfheistiú a dhéanamh freisin chun freastal ar an leagan níos forbartha.

**f) Rialacha speisialta maidir le hoibrithe a phostú, i dtéarmaí a raon feidhme, faid ama agus a rialaithe (*lex specialis*)**

21. De réir an phlé atá déanta go dtí seo, tá castacht ollmhór ag baint le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le postú i gcás tiománaithe trucaile a oibríonn i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an chuideachta bunaithe. Níl na toscaireachtaí ar aon intinn faoi chur i bhfeidhm tréimhse cairde chun na rialacha riachtanacha maidir le postú a fheidhmiú i gcás feithiclí atá i mbun iompar idirnáisiúnta earraí, ná faoinar cheart nó nár cheart d'fheithiclí atá i mbun cabatáiste a bheith faoi réir tréimhse cairde mar sin freisin, faoi choinníollacha níos dochta. Léirítear an éagsúlacht tuairime sin agus tréimhse cairdis mar sin á ríomh freisin, go háirithe maidir lenar cheart leathlaethanta a chur san áireamh agus ar cheart scíthe seachtainiúla rialta a áireamh sa ríomh. Foráiltear leis an togra comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht d'idirdhealú idir an tréimhse cairde atá le cur i bhfeidhm san iompar idirnáisiúnta earraí (seacht lá as a chéile in aon mhí féilire amháin) agus tréimhse cairde níos giorra (trí lá as a chéile in aon mhí féilire amháin) a bheidh le cur i bhfeidhm tráth a mbeidh oibríochtaí cabatáiste ar bhun ag an tiománaí.

22. Tacaíonn beagnach gach toscaireacht leis an togra ón gCoimisiún maidir le ceanglais dhoiciméadacha ar an mbóthar a theorannú go liosta dúnta. Mar sin féin, ní aontaíonn líon suntasach toscaireachtaí le mionsonraí an liosta sin mar a mhodhnaigh an Uachtaránacht iad, agus chuir cuid de na toscaireachtaí sin forchoimeádais in iúl maidir le córas faisnéise an mhargaidh inmheánaigh a úsáid chun dearbhuithe postúcháin a thíolacadh.

23. Is féidir teacht ar an dréacht-chomhréiteach is déanaí ón Uachtaránacht in <u>aguisíní 1 go dtí 4</u> a ghabhann leis an tuarascáil seo.

## IV. <u>CONCLÚIDÍ</u>

24. Iarrtar ar an <u>gComhairle</u> an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá haire d'fhonn tuilleadh dul chun cinn ar na príomhshaincheisteanna atá fós le réiteach a ullmhú i ndáil leis na tograí sin sa phacáiste.